

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 130



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

14 Aibreán 2023

Clár

II Faisnéis

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2023/C 130/01	Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.11031 – HITACHI CONSTRUCTION MACHINERY / KIESEL / EAC) ⁽¹⁾	1
2023/C 130/02	Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.11023 – ADP / JCDECAUX / MEDIA AEROPORTS DE PARIS JV) ⁽¹⁾	2
2023/C 130/03	Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.11023 – ADP / JCDECAUX / MEDIA AEROPORTS DE PARIS JV) ⁽¹⁾	3

IV Fógraí

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Chomhairle

2023/C 130/04	Fógra le haghaidh na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/756 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/755 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin	4
2023/C 130/05	Fógra le haghaidh na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/756 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/755 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin	6

GA

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

An Coimisiún Eorpach

2023/C 130/06	Rátaí malairte an euro — 13 Aibreán 2023	7
---------------	--	---

V Fógairtí

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN gCOMHBHEARTAS TRÁCHTÁLA A CHUR CHUN FEIDHME

An Coimisiún Eorpach

2023/C 130/07	Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí téad agus cáblaí cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	8
---------------	---	---

GNÍOMHARTHA EILE

An Coimisiún Eorpach

2023/C 130/08	Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-ábhair	20
---------------	--	----

II

*(Faisnéis)*FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi**(Cás M.11031 – HITACHI CONSTRUCTION MACHINERY / KIESEL / EAC)****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 130/01)

An 30 Márta 2023, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhu go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾. Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

- i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin “mBeartas iomaíochta” atá ag an gCoimisiún (<http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/>). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,
- i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en>) faoin uimhir dhoiciméid 32023M11031. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi
(Cás M.11023 – ADP / JCDECAUX / MEDIA AEROPORTS DE PARIS JV)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 130/02)

An 30 Márta 2023, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhu go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾. Is i bhFraincis amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

- i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin “mBeartas iomaíochta” atá ag an gCoimisiún (<http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/>). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinní aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,
- i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en>) faoin uimhir dhoiciméid 32023M11023. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi
(Cás M.11023 – ADP / JCDECAUX / MEDIA AEROPORTS DE PARIS JV)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 130/03)

An 30 Márta 2023, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhu go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾. Is i bhFraincis amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

- i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin “mBeartas iomaíochta” atá ag an gCoimisiún (<http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/>). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinní aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,
- i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en>) faoin uimhir dhoiciméid 32023M11023. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITUTEIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN CHOMHAIRLE

Fógra le haghaidh na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/756 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/755 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

(2023/C 130/04)

Dírítear aird na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle ⁽¹⁾, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/756 ón gComhairle ⁽²⁾, agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ⁽³⁾, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/755 ón gComhairle ⁽⁴⁾ a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá cinneadh déanta ag Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí sin a áireamh ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tugtar na forais leis na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí sin a ainmniú sna hiontrálacha ábhartha sna hiarscríbhinní sin.

Cuirtear in iúl do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí sin gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údarais inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 4 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle roimh an 1 Meitheamh 2023, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

⁽¹⁾ IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.

⁽²⁾ IO L 100 I, 13.4.2023, lch. 4.

⁽³⁾ IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

⁽⁴⁾ IO L 100 I, 13.4.2023, lch. 1.

Cuirtear in iúl do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chospóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Fógra le haghaidh na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbearta sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/756 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/755 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

(2023/C 130/05)

Dírítear aird na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle ⁽¹⁾, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/756 ón gComhairle ⁽²⁾, agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ⁽³⁾, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/755 ón gComhairle ⁽⁴⁾ a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Ceanglaítear le hAirteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 nach mór do na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí sin tuairisc a thabhairt, roimh an 1 Meán Fómhair 2022 nó laistigh de 6 seachtaine tar éis dháta an liostaithe in Iarscríbhinn I, cibé acu is déanaí, faoi na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha laistigh de dhlíne Ballstáit ar leo iad nó atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, chuig údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin suite. Ní mór dóibh oibriú i gcomhar leis an údarás inniúil maidir le fíorú na faisnéise sin. Aon mhainneachtain na hoibleagáidí sin a urramú, measfar gurb éard atá inti, imchéimniú na mbearta maidir le reo sócmhainní agus acmhainní eacnamaíocha.

Ní mór an fhaisnéis atá le tuairisciú a sheoladh chuig údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha, trína shuíomh gréasáin mar a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ⁽⁵⁾.

⁽¹⁾ IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.

⁽²⁾ IO L 100 I, 17.3.2014, lch. 4.

⁽³⁾ IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

⁽⁴⁾ IO L 100 I, 17.3.2014, lch. 1.

⁽⁵⁾ An leagan comhdhlúite is déanaí ar fáil ag EUR-Lex - 02014R0269-20230225 - GA - EUR-Lex (europa.eu)

AN COIMISIÚN EORPACH

Rátaí malairte an euro ⁽¹⁾

13 Aibreán 2023

(2023/C 130/06)

1 euro =

	Airgeadra	Ráta malairte		Airgeadra	Ráta malairte
USD	dollar na Stát Aontaithe	1,1015	CAD	dollar Cheanada	1,4759
JPY	yen na Seapáine	146,81	HKD	dollar Hong Cong	8,6468
DKK	krona na Danmhairge	7,4509	NZD	dollar na Nua-Shéalainne	1,7624
GBP	punt steirling	0,88058	SGD	dollar Shingepór	1,4592
SEK	krona na Sualainne	11,3886	KRW	won na Cóiré Theas	1 441,15
CHF	franc na hEilvéise	0,9804	ZAR	rand na hAfraice Theas	19,9710
ISK	króna na hÍoslainne	149,10	CNY	renminbi-yuan na Síne	7,5758
NOK	krona na hIorua	11,4570	IDR	rupiah na hIndinése	16 224,93
BGN	lev na Bulgáire	1,9558	MYR	ringgit na Malaesia	4,8466
CZK	koruna Phoblacht na Seice	23,271	PHP	peso na nOileán Filipíneach	60,972
HUF	forint na hUngáire	374,55	RUB	rúbal na Rúise	
PLN	zloty na Polainne	4,6320	THB	baht na Téalainne	37,548
RON	leu na Rómáine	4,9435	BRL	real na Brasaíle	5,4117
TRY	lira na Tuirce	21,2912	MXN	peso Mheicsiceo	19,9235
AUD	dollar na hAstráile	1,6343	INR	rúipí na hIndia	90,1665

⁽¹⁾ Foinse: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN gCOMHBHEARTAS
TRÁCHTÁLA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí téad agus cáblaí cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

(2023/C 130/07)

Ó foilsíodh Fógra maidir le dul in éag atá le tarlú ⁽¹⁾ i dtaca leis na mbearta frithdhumpála ar allmhairí téad agus cáblaí cruach de thionscnamh Daon-Phoblacht na Síne (“an tír lena mbaineann” nó “an tSín”), fuair an Coimisiún Eorpach (“an Coimisiún”) iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 ar chosaint in aghaidh allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ⁽²⁾ (“an bun-Rialachán”).

1. Iarraidh ar athbhreithniú

Is í an Chónaidhm Eorpach um an Tionscal Téad Sreinge Cruach, (“an t-iarratasóir”) a chuir an iarraidh isteach an 17 Eanáir 2023 thar ceann thionscal téad agus cáblaí cruach an Aontais, de bhí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán.

Tá leagan oscailte den iarraidh mar aon le hanailís ar a mhéid a thacaíonn táirgeoirí de chuid an Aontais leis an iarraidh ar fáil sa chomhad lena iniúchadh ag na páirtithe leasmhara. I roinn 5.6 den Fhógra seo, tá faisnéis le fáil faoi rochtain ar an gcomhad le haghaidh páirtithe leasmhara.

2. An táirge faoi athbhreithniú

Is é an táirge atá faoi réir an athbhreithnithe seo téada agus cáblaí cruach lena n-áirítear téada cornaí glasáilte, cé is moite de théada agus cáblaí cruach dosmálta, ar mó a n-uastoise trasghearrthach ná 3 mm (“an táirge faoi athbhreithniú”), atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7312 10 81, ex 7312 10 83, ex 7312 10 85, ex 7312 10 89 agus ex 7312 10 98 (cóid TARIC 7312 10 81 12, 7312 10 81 13, 7312 10 81 19, 7312 10 83 12, 7312 10 83 13, 7312 10 83 19, 7312 10 85 12, 7312 10 85 13, 7312 10 85 19, 7312 10 89 12, 7312 10 89 13, 7312 10 89 19, 7312 10 98 12, 7312 10 98 13 agus 7312 10 98 19). Is ar mhaithe le faisnéis amháin a thugtar cóid AC agus TARIC.

3. Na bearta atá ann cheana

Is iad na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur ar allmhairí ón tSín le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/607 ón gCoimisiún, ⁽³⁾ agus arna leathnú chun allmhairí arna gcur chun bealaigh ó Mharacó agus ó Phoblacht na Cóiré a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bíodh.

⁽¹⁾ IO C 280, 21.7.2022, lch. 23.

⁽²⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/607 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí téad agus cáblaí cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne arna leathnú chun allmhairí téad agus cáblaí cruach arna gcur chun bealaigh ó Mharacó agus ó Phoblacht na Cóiré a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 101, 20.4.2018, lch. 40).

4. Foras an athbhreithnithe

Tá an iarraidh bunaithe ar an bhforas gur dócha go leanfar den dumpáil agus den díobháil do thionscal an Aontais nó go dtarlóidh siad arís de thoradh dhul in éag na mbeart.

4.1. *Líomhain maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís*

Mhaígh an t-iarratasóir nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid, i ngeall gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí d'Airteagal 2(6a), pointe (b), den bhun-Rialachán.

Chun bunús a thabhairt leis na líomhaintí maidir le saobhadh suntasach, bhí an t-iarratasóir ag brath ar an bhfaisnéis atá sa tuarascáil tíre a chuir seirbhísí an Choimisiúin ar fáil an 20 Nollaig 2017 inar tugadh tuairisc ar imthosca sonracha an mhargaidh sa tSín⁽⁴⁾. Go háirithe, rinne an t-iarratasóir tagairt do shaobhadh i ngeall ar an Stát a bheith i láthair go ginearálta, rud a dhéanann difear níos sonraí d'earnáil an chruach agus do chaibidlí maidir le saobhadh ginearálta fuinnimh, talún, rochtana ar mhaoiniú agus lucht saothair. Ina theannta sin, tá fianaise thacaíochta curtha ar fáil ag an iarratasóir freisin san iarraidh trí thagairt a dhéanamh don 13^ú Plean Cúig Bliana maidir le *Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Dhaon-Phoblacht na Síne (2016-2020)* agus don 14^ú Plean Cúig Bliana maidir le *Forbairt Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta Dhaon-Phoblacht na Síne agus an Achoimre ar na Spriocanna Fadtéarmacha do 2035 (2021-2025)*, rud a chuireann tionscal cruach agus, dá bhrí sin, tionscal téad agus cáblaí cruach iartheachtach chun cinn. Déantar tagairt freisin don tionscnamh *Made in China 2025*, faoina bhfuiltear ag spreagadh an tionscail cruach ina iomláine, lena n-áirítear tionscal téad agus cáblaí cruach, déantar tagairt do *An Chatalóg Treoraíochta maidir le hAthstruchtúir an Tionscail* [Guiding Catalogue for Industry restructuring] (Leagan 2019), áit a liostaítear freisin tionscal na cruach atáthar a spreagadh agus déantar tagairt do phleananna eile arna nglacadh ag Rialtas na Síne chun tionscail intíre agus táirgeadh a chur chun cinn, i gcás ina bhfuil tionscal cruach/téada agus cáblaí cruach ann go príomha (i.e. 14^ú Plean Cúig Bliana 2021 maidir le *Tionscal na nAmhábhara a Fhorbairt, Cinneadh Uimh. 40 maidir le "Forálacha Sealadacha i ndáil le Coigeartú Struchtúr Tionscail a Chur Chun Cinn" a chur chun cinn agus a chur chun feidhme* etc. [the 2021 14th Five Year Plan on Developing the Raw Material Industry, Decision No. 40 on Promulgating and Implementing the "Temporary Provisions on Promoting Industrial Structure Adjustment"]).

Mar thoradh air sin, i bhfianaise Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, an líomhain go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh an dumpáil arís ón tSín, tá sí bunaithe ar chomparáid idir gnáthluach ríofa ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaoifa i dtír ionadaíoch iomchuí agus a) praghas onnmhairiúcháin (ar leibhéal *an phraghais díreach ón monarcha*) an táirge faoi athbhreithniú ón tír lena mbaineann nuair a dhíoltar é lena onnmhairiú chuig an Aontas agus b) praghas onnmhairiúcháin (ar leibhéal *an phraghais díreach ón monarcha*) an táirge faoi athbhreithniú nuair a dhíoltar é lena onnmhairiú chuig tríú tíortha, i bhfianaise na méideanna ísle allmhairí ón tSín chuig an Aontas.

Ar an mbonn sin, is suntasach an corrlach dumpála a ríomhtar. Ina theannta sin, léiríonn an chomparáid praghsanna in b) go bhfuil an praghas onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha i bhfad níos ísle ná an gnáthluach, rud a thugann le fios go dtiocfadh allmhairí ón tSín chuig an Aontas ar phraghsanna dumpáilte dá ligfí do na bearta dul in éag.

4.2. *An líomhain gur dócha go dtarlóidh an díobháil arís*

Is éard a líomhnaíonn an t-iarratasóir gur dócha go dtarlóidh an díobháil ón tSín arís. I ndáil leis sin, tá fianaise a dóthain curtha ar fáil ag an iarratasóir, dá ligfí do bhearta dul in éag, gur dócha go dtiocfaidh méadú ar leibhéal allmhairiúcháin reatha an táirge faoi athbhreithniú ón tSín chuig an tAontas, mar gheall go bhfuil acmhainneacht gan úsáid ann, is é sin neamhábaltacht mhargaí tríú tíre an acmhainneacht gan úsáid sin a ionsú de bharr, *inter alia*, bearta cosanta trádála i gcoinne allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ó Dhaon-Phoblacht na Síne. Tá fianaise a dóthain curtha ar fáil ag an iarratasóir freisin go bhfuil onnmhaireoirí na Síne ag díol an táirge faoi athbhreithniú faoi láthair ar phraghsanna atá i bhfad níos ísle i dtíortha margá, ar phraghsanna i bhfad níos ísle ná na praghsanna sin atá ann ar mhargadh an Aontais, rud a léiríonn gur margadh tarraingteach é margadh an Aontais d'onnmhaireoirí na Síne ó thaobh praghsanna de.

⁽⁴⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, 20 Nollaig 2017, SWD(2017) 483 final/2. Tá an tuarascáil tíre ar fáil sa chomhad atá lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúirtheoireacht na Trádála (https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2017/december/tradoc_156474.pdf). Féadfar na doiciméid a luaitear sa tuarascáil tíre a fháil freisin ar iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil.

Ar deireadh, líomhnaíonn an t-iartrasóir gur tháinig deireadh leis an díobháil den chuid is mó mar gheall ar na bearta atá i bhfeidhm agus, dá ligfí do bhearta dul in éag, gur dócha go dtarlóidh an díobháil do thionscal an Aontais arís mar thoradh ar mhéideanna móra allmhairí a thabhairt isteach arís ar phraghsanna dumpáilte ón tSín.

5. **Nós imeachta**

Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gur leor an fhianaise atá ann gur dócha go bhfuil dumpáil ⁽⁵⁾ agus díobháil ann chun údar maith a thabhairt le tionscnamh an athbhreithnithe éaga, tá an Coimisiún, leis seo, ag tionscnamh athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

Is éard a chinnfear leis an athbhreithniú éaga an amhlaidh gur dócha go leanfar leis an táirge atá faoi athbhreithniú agus go leanfar den díobháil do thionscal an Aontais nó go leanfar den díobháil sin arís nó go leanfar den díobháil a dhéantar do thionscal an Aontais mar thoradh ar dhul in éag na mbeart.

Cuireann an Coimisiún ar a súile do na páirtithe an Fógra ⁽⁶⁾ a foilsíodh maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 i dtaca le himscrúdaithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais, iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith infheidhme maidir leis na himeachtaí seo.

5.1. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

An t-imscrúdú chun a fháil amach an leanfar den dumpáil nó an dtarlóidh sí arís, cumhdóidh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022 (“tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe”). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís, cumhdóidh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (“an tréimhse faoi bhreathnú”).

5.2. **Barúlacha ar an iarraidh agus ar thionscnamh an imscrúdaithe**

I ndáil leis na páirtithe leasmhara uile ar mian leo barúil a thabhairt ar an iarraidh (lena n-áirítear ábhair a bhaineann le hatarlú na díobhála agus le cúisíocht) nó aon ghné a bhaineann le tionscnamh an imscrúdaithe (lena n-áirítear an méid tacaíochta atá ann don iarraidh), ní mór dóibh déanamh amhlaidh laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽⁷⁾.

Ní mór aon iarraidh ar éisteacht maidir le tionscnamh an imscrúdaithe a chur isteach laistigh de 15 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo.

5.3. **Nós imeachta um chinneadh na dóchúlachta go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís**

In athbhreithniú éaga, déanann an Coimisiún scrúdú ar onnmhairí a cuireadh chuig an Aontas i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus, gan beann ar onnmhairí chuig an Aontas, measann sé an rud é, de thoradh staid na gcuideachtaí a tháirgeann agus a dhíolann an táirge faoi athbhreithniú sa tír lena mbaineann, gur dócha go leanfar den onnmhairiú ar phraghsanna dumpáilte nó go dtarlóidh sé arís má théann na bearta in éag.

Dá bhrí sin, táirgeoirí uile ⁽⁸⁾ an táirge faoi athbhreithniú ón tír lena mbaineann, lena n-áirítear iad siúd nár chomhoibrigh san imscrúdú nó sna himscrúdaithe arb iad na bearta atá i bhfeidhm ba thoradh orthu, iarrtar orthu a bheith rannpháirteach in imscrúdú an Choimisiúin.

⁽⁵⁾ I bhfianaise na faisnéise atá ar fáil, measann an Coimisiún gur leor an fhianaise atá ann de bhun Airteagal 5(9) den bhun-Rialachán a léiríonn go hiondúil nach iomchuí na praghsanna agus na costais intíre sa tír lena mbaineann a úsáid i ngeall ar shaobhadhsuntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus do chostais, rud a fhágann gur gá imscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

⁽⁶⁾ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52020XC0316%2802%29>

⁽⁷⁾ Is é a bheith sna tagairtí uile d'fhoilsiú an Fhógra seo tagairtí d'fhoilsiú an Fhógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mura sonraítear a mhalairt.

⁽⁸⁾ Is éard is táirgeoir ann aon chuideachta sa tír lena mbaineann a tháirgeann an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear aon cheann dá cuideachtaí gaolmhara a bhfuil baint aici le táirgeadh, díolacháin intíre nó onnmhairí an táirge faoi athbhreithniú.

5.3.1. *Imscrúdú a dhéanamh ar tháirgeoirí sa tír lena mbaineann*

Ó tharla go bhféadfadh líon mór táirgeoirí sa tSín a bheith bainteach leis an athbhreithniú éaga seo, agus chun an t-imscrúdú a thabhairt chun críche le linn na dteorainneacha ama reachtúla, féadfaidh an Coimisiún teorainn a chur leis an líon táirgeoirí a ndéanfar imscrúdú orthu, trí shampla a roghnú, chun go mbeidh líon réasúnta ann (tugtar “sampláil” ar an bpróiseas sin freisin). Is i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán a dhéanfar an tsampláil.

Chun gur féidir leis an gCoimisiún a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, sampla a roghnú, iarrtar ar na táirgeoirí uile, nó ar na hionadaithe atá ag gníomhú thar a gceann, lena n-áirítear na táirgeoirí nár chomhoibrigh leis an imscrúdú arb iad na bearta atá faoi réir an athbhreithnithe seo ba thoradh air, an fhaisnéis faoina gcuideachtaí a chur ar fáil don Choimisiún laistigh de 7 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo. Ní mór an fhaisnéis sin a chur ar fáil trí TRON.tdi ag an seoladh seo a leanas: https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/tidi/form/R793_SAMPLING_FORM_FOR_EXPORTING_PRODUCER. I ranna 5.6 agus 5.9 thíos tá faisnéis le fáil faoi rochtain ar Tron.

An fhaisnéis a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach chun sampla na dtáirgeoirí a roghnú, chun an fhaisnéis sin a fháil, déanfaidh sé teagmháil le húdaráis na Síne lena mbaineann freisin agus is féidir go ndéanfaidh sé teagmháil le haon chomhlachas aitheanta de tháirgeoirí sa tír lena mbaineann.

Má tá gá le sampla, roghnófar na táirgeoirí ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó de tháirgeacht, díolacháin nó onnmhairí ar féidir imscrúdú a dhéanamh air go réasúnta le linn an ama atá ar fáil. Gach táirgeoir aitheanta sa tSín, údaráis na tíre lena mbaineann, agus comhlachais táirgeoirí, tabharfaidh an Coimisiún fógra dóibh, trí údaráis na tíre lena mbaineann más iomchuí, faoi na cuideachtaí a roghnaíodh le bheith sa sampla.

Nuair a gheobhaidh an Coimisiún an fhaisnéis is gá chun sampla de na táirgeoirí a roghnú, cuirfidh sé na páirtithe lena mbaineann ar an eolas faoina chinneadh iad a roghnú nó gan iad a roghnú le bheith sa sampla. Beidh ar na táirgeoirí sampláilte ceistneoir comhlánaithe a chur isteach laistigh de 30 lá ón dáta a tugadh fógra dóibh faoin gcinneadh iad a roghnú le bheith sa sampla, mura sonraítear a mhalairt.

Cuirfidh an Coimisiún nóta leis an gcomhad lena iniúchadh ag na páirtithe leasmhara a léireoidh roghnú an tsampla. Ní mór aon bharúil maidir le roghnú an tsampla a fháil laistigh de 3 lá ón dáta a fógraíodh an cinneadh faoin sampla.

Tá cóip den cheistneoir le haghaidh táirgeoirí sa tír lena mbaineann ar fáil sa chomhad lena iniúchadh ag na páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta Trádála <https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2660>

Gan dochar do chur i bhfeidhm féideartha Airteagal 18 den bhun-Rialachán, na cuideachtaí a bhí toilteanach a bheith sa sampla ach nár roghnaíodh iad le bheith ann, measfar gur cuideachtaí comhoibríocha atá iontu.

5.3.2. *Nós imeachta breise maidir leis an tSín a bhfuil saobhadh suntasach inti*

Faoi réir fhorálacha an Fhógra seo, leis seo, iarrtar ar gach páirtí leasmhar a chuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach, agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Mura sonraítear a mhalairt, ní mór an fhaisnéis agus an fhianaise thacaíochta sin a bheith faighte ag an gCoimisiún laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo.

Go háirithe, iarrann an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na hionchuir agus maidir le cóid an Chórais Chomhchuibhithe (HS) a sholáthraítear san iarraidh ⁽⁹⁾, tír ionadaíoch nó tíortha ionadaíocha iomchuí a mholadh agus céannacht tháirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú sna tíortha sin a chur ar fáil. Ní mór an fhaisnéis agus an fhianaise thacaíochta sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo.

De bhun Airteagal 2(6a), pointe (e), den bhun-Rialachán, go luath tar éis dó an t-imscrúdú a thionscnamh, cuirfidh an Coimisiún na páirtithe san imscrúdú ar an eolas faoi na foinsí ábhartha a bhfuil sé beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach sa tSín a chinneadh de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, agus déanfaidh sé amhlaidh trí bhíthin nóta a chur leis an gcomhad atá lena iniúchadh ag na páirtithe leasmhara. Cuimseoidh sé sin na foinsí uile, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, roghnú tríú tír iomchuí. Nuair a chuirfear an nóta leis an gcomhad sin, beidh 10 lá ag na páirtithe san imscrúdú ón dáta sin chun a gcuid barúlacha a chur isteach.

⁽⁹⁾ Cuirtear faisnéis faoi chóid an Chórais Chomhchuibhithe ar fáil freisin san achoimre feidhmiúcháin ar an iarraidh ar athbhreithniú, rud atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála <https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2660>

De réir na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún, d'fhéadfadh an Tuirc a bheith ina tríú tír ionadaíoch don tSín sa chás seo. D'fhonn an tríú tír ionadaíoch iomchuí a roghnú ar deireadh, scrúdóidh an Coimisiún an bhfuil tíortha ann a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche acu atá cosúil le leibhéal na Síne, tíortha ina dtáirgtear agus ina ndíoltar an táirge faoi athbhreithniú agus ina bhfuil sonraí ábhartha ar fáil go héasca. I gcás ina bhfuil níos mó ná rogha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tabharfar tús áite, i gcás inarb iomchuí, do thíortha inar leordhóthanach leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil atá iontu.

Maidir leis na foinsí ábhartha, iarrann an Coimisiún ar tháirgeoirí uile na Síne faisnéis a chur ar fáil laistigh de 15 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo, faisnéis maidir leis na hábhair (amhábhair agus ábhair phróiseáilte) agus an fuinneamh a úsáidtear chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Ní mór an fhaisnéis sin a chur ar fáil trí https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/tdi/form/R793_INFO_ON_INPUTS_FOR_EXPORTING_PRODUCER_FORM. I ranna 5.6 agus 5.9 thíos tá faisnéis le fáil faoi rochtain ar Tron.

Thairis sin, ní mór aon fhaisnéis fhíorasach a chuirtear isteach chun luach a chur ar chostais agus ar phraghsanna de bhun phointe (a) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chomhdú laistigh de 65 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo. Ba cheart faisnéis fhíorasach den sórt sin a thógáil ó fhoinsí atá ar fáil go poiblí, agus ó na foinsí sin amháin.

Chun an fhaisnéis a fháil a mheasann sé a bheith riachtanach le haghaidh a imscrúdaithe i ndáil le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b), den bhun-Rialachán, cuirfidh an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne freisin.

5.3.3. *Imscrúdú a dhéanamh ar allmhairteoirí neamhghaolmhara* ⁽¹⁰⁾ ⁽¹¹⁾

Allmhairteoirí neamhghaolmhara an táirge atá faoi athbhreithniú ón tSín chuig an Aontas, lena n-áirítear iad siúd nár chomhoibrigh san imscrúdú a mbeidh na bearta atá i bhfeidhm mar thoradh air, iarrtar orthu páirt a ghlacadh san imscrúdú sin.

Ó tharla go bhféadfadh líon mór allmhairteoirí neamhghaolmhara a bheith bainteach leis an athbhreithniú éaga seo, agus chun an t-imscrúdú a thabhairt chun críche le linn na dtéarmaí ama reachtúla, féadfaidh an Coimisiún teorainn a chur leis an líon allmhairteoirí neamhghaolmhara a ndéanfar imscrúdú orthu, trí shampla a roghnú, chun go mbeidh líon réasúnta ann (tugtar “sampláil” ar an bpróiseas sin freisin). Is i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán a dhéanfar an tsampláil.

Chun gur féidir leis an gCoimisiún a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, iarrtar ar gach allmhairteoir neamhghaolmhar, nó ionadaithe atá ag gníomhú thar a cheann, lena n-áirítear na hallmhairteoirí nár chomhoibrigh leis an imscrúdú arb iad na bearta atá faoi réir an athbhreithnithe reatha seo ba thoradh air, iad féin a chur in aithne don Choimisiún. Ní mór do na páirtithe sin déanamh amhlaidh laistigh de 7 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo, tríd an bhfaisnéis faoina gcuideachta nó faoina gcuideachtaí a iarrtar san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bhFógra seo a thabhairt don Choimisiún.

Chun an fhaisnéis a fháil a mheasann sé a bheith riachtanach chun sampla na n-allmhairteoirí neamhghaolmhara a roghnú, féadfaidh an Coimisiún dul i dteagmháil freisin le haon chomhlachas aitheanta d'allmhairteoirí atá ann.

⁽¹⁰⁾ Ní féidir ach allmhairteoirí nach bhfuil gaol acu leis na táirgeoirí sa tír lena mbaineann a shampláil. Ní mór d'allmhairteoirí a bhfuil gaol acu le táirgeoirí Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gceistneoir le haghaidh na dtáirgeoirí sin a líonadh isteach. I gcomhréir le hAirteagal 127 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, measfar beirt a bheith gaolmhar sna cásanna seo a leanas: (a) más oifigeach nó stiúrtóir duine acu i ngnólacht an duine eile; (b) más comhpháirtithe gnó iad a bhfuil aitheantas dlíthiúil acu; (c) más fostóir agus fostaí iad; (d) más le tríú páirtí 5 % nó níos mó de na stoic nó de na scaireanna le cearta vótála atá ag an mbeirt acu, nó má rialaíonn nó má choinníonn tríú páirtí iad, go díreach nó go hindíreach; (e) má stiúran duine acu an duine eile go díreach nó go hindíreach; (f) má tá an bheirt acu faoi stiúradh díreach nó indíreach ag tríú páirtí; (g) má rialaíonn siad tríú duine go díreach nó go hindíreach le céile; nó (h) más daoine ón teaghlach céanna iad (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558). Ní mheasfar daoine a bheith den teaghlach céanna ach amháin má tá siad in aon ghaol acu seo a leanas le céile: (i) fear céile agus bean céile, (ii) tuismitheoir agus duine clainne, (iii) deartháir agus deirfiúr (más ionann athair agus máthair dóibh nó más ionann tuismitheoir amháin dóibh), (iv) seantuismitheoir agus garleanbh, (v) uncail nó aintín agus nia nó neach, (vi) tuismitheoir céile agus cliamhain nó banchliamhain, (vii) deartháir céile agus deirfiúr céile. I gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, ciallaíonn “duine” duine nádúrtha, duine dlítheanach agus aon chumann de dhaoine nach bhfuil ina dhuine dlítheanach ach a n-aithnítear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta go bhfuil an inniúlacht aige gníomhartha dlíthiúla a dhéanamh (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

⁽¹¹⁾ I gcás na sonraí a chuireann allmhairteoirí neamhghaolmhara ar fáil, féadfar iad a úsáid i ndáil le gnéithe den imscrúdú seo nach mbaineann le dumpáil a chinneadh.

Má tá gá le sampla, féadfar na hallmhaireoirí a roghnú ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó de dhíolacháin an táirge faoi athbhreithniú ón tSín san Aontas a fhéadfar a imscrúdú go réasúnach laistigh den am atá ar fáil. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do na hallmhaireoirí neamhghaolmhara aitheanta uile agus do na comhlachais allmhaireoirí aitheanta uile faoi na cuideachtaí a roghnaíodh le bheith sa sampla.

Ina theannta sin, cuirfidh an Coimisiún nóta leis an gcomhad lena iniúchadh ag na páirtithe leasmhara a léireoidh roghnú an tsampla. Ní mór aon bharúil maidir le roghnú an tsampla a fháil laistigh de 3 lá ón dáta a fógraíodh an cinneadh faoin sampla.

Chun an fhaisnéis a fháil a mheasann sé a bheith riachtanach le haghaidh a imscrúdaithe, cuirfidh an Coimisiún ceistneoirí chuig na hallmhaireoirí neamhghaolmhara sampláilte. Ní mór do na páirtithe sin ceistneoirí comhlánaithe a chur isteach laistigh de 30 lá ón dáta a tugadh fógra faoi roghnú an tsampla, mura sonraítear a mhalairt.

Tá cóip den cheistneoir le haghaidh allmhaireoirí neamhghaolmhara ar fáil sa chomhad lena iniúchadh ag na páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta Trádála <https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2660>

5.4. ***Nós imeachta um chinneadh na dóchúlachta go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís agus táirgeoirí de chuid an Aontais a imscrúdú***

Chun a chinneadh an mbeidh dóchúlacht ann go leanfar den díobháil do thionscal an Aontais nó go dtarlóidh sí arís, iarrann an Coimisiún ar tháirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú san Aontas a bheith rannpháirteach in imscrúdú an Choimisiúin.

Ó tharla go bhféadfadh líon mór táirgeoirí de chuid an Aontais a bheith bainteach leis an athbhreithniú éaga seo, agus chun an t-imscrúdú a thabhairt chun críche le linn na dteorainneacha ama reachtúla, féadfaidh an Coimisiún teorainn a chur leis an líon táirgeoirí de chuid an Aontais a ndéanfar imscrúdú orthu, trí shampla a roghnú, chun go mbeidh líon réasúnta ann (tugtar “sampláil” ar an bpróiseas seo freisin). Is i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán a dhéantar an tsampláil.

Roghnaigh an Coimisiún sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais go sealadach. Is féidir na sonraí a fháil sa chomhad atá lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara.

Leis seo, iarrtar ar pháirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt ar an sampla sealadach. Ina theannta sin, táirgeoirí eile de chuid an Aontais, nó ionadaithe atá ag gníomhú thar a gceann, lena n-airítear táirgeoirí de chuid an Aontais nár chomhoibrigh san imscrúdú nó sna himscrúduithe arb iad na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair ba thoradh air nó orthu, ar táirgeoirí iad a mheasann go bhfuil cúiseanna ann ar cheart dóibh a bheith sa sampla, ní mór dóibh dul i dteagmháil leis an gCoimisiún laistigh de 7 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo. Na barúlacha uile maidir leis an sampla sealadach, ní mór iad a bheith faighte laistigh de 7 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo, mura sonraítear a mhalairt.

Tabharfaidh an Coimisiún fógra do na táirgeoirí uile de chuid an Aontais agus/nó do na comhlachais aitheanta uile de tháirgeoirí de chuid an Aontais faoi na cuideachtaí a roghnaíodh ar deireadh le bheith sa sampla.

Beidh ar na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ceistneoirí comhlánaithe a chur isteach laistigh de 30 lá ón dáta a tugadh fógra dóibh faoin gcinneadh iad a roghnú le bheith sa sampla, mura sonraítear a mhalairt.

Tá cóip den cheistneoir le haghaidh táirgeoirí de chuid an Aontais ar fáil sa chomhad lena iniúchadh ag na páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála <https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2660>

5.5. ***Nós imeachta um measúnú a dhéanamh ar leas an Aontais***

I gcás ina ndeimhneofar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil agus den díobháil nó go dtarlóidh siad arís, déanfar cinneadh, de bhun Airteagal 21 den bhun-Rialachán, an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais dá gcoinneofaí na bearta frith-dhumpála i bhfeidhm.

Táirgeoirí de chuid an Aontais agus a gcomhlachais ionadaíocha, úsáideoirí agus a gcomhlachais ionadaíocha, ceardchumann agus eagraíochtaí tomhaltóirí ionadaíocha, iarrfar orthu faisnéis a thabhairt don Choimisiún maidir le leas an Aontais.

Ní mór aon fhaisnéis maidir le measúnú ar leas an Aontais a chur isteach laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo, mura sonraítear a mhalairt. Féadfar an fhaisnéis sin a chur ar fáil i bhformáid shaor, sin nó trí cheistneoir a d'ullmhaigh an Coimisiún a chomhlánú.

Tá cóip de na ceistneoirí, lena n-áirítear an ceistneoir le haghaidh úsáideoirí an táirge faoi athbhreithniú, ar fáil sa chomhad atá le hiniúchadh ag na páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála <https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2660>

In aon chás, aon fhaisnéis a chuirtear isteach de bhun Airteagal 21 den bhun-Rialachán, ní chuirfeadh san áireamh í ach amháin más rud é go bhfuil fianaise fhíorasach ag gabháil leis an bhfaisnéis tráth a chuirtear isteach í, ar fianaise í a thugann bunús lena bailíocht.

5.6. ***Páirtithe leasmhara***

Chun bheith rannpháirteach san imscrúdú, ní mór do pháirtithe leasmhara, amhail táirgeoirí sa tír lena mbaineann, táirgeoirí de chuid an Aontais, allmhaireoirí agus a gcomhlachais ionadaíocha, úsáideoirí agus a gcomhlachais ionadaíocha, ceardchumainn agus eagraíochtaí tomhaltóirí ionadaíocha, ní mór dóibh a léiriú i dtús báire gur ann do nasc oibiachtúil idir a gcuid gníomhaíochtaí agus an táirge faoi athbhreithniú.

Táirgeoirí sa tír lena mbaineann, táirgeoirí de chuid an Aontais, allmhaireoirí agus comhlachais ionadaíocha a chuir faisnéis ar fáil i gcomhréir leis na nósanna imeachta a shonraítear i ranna 5.3.1, 5.3.3 agus 5.4, measfar gur páirtithe leasmhara atá iontu má tá nasc oibiachtúil idir a gcuid gníomhaíochtaí agus an táirge faoi athbhreithniú.

Ní bheidh páirtithe eile in ann a bheith rannpháirteach san imscrúdú mar pháirtithe leasmhara go dtí go gcuirfidh siad iad féin in aithne, agus ar choinníoll gur ann do nasc oibiachtúil idir a gcuid gníomhaíochtaí agus an táirge faoi imscrúdú. Má mheastar gur páirtí leasmhar é páirtí, ní dochar é sin do chur i bhfeidhm Airteagal 18 den bhun-Rialachán.

Is féidir an comhad atá lena iniúchadh ag na páirtithe leasmhara a rochtain trí Tron.tdi ag an seoladh seo a leanas: <https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/TDI>. Lean na treoracha ar an leathanach sin chun rochtain a fháil ⁽¹²⁾.

5.7. ***Aighneachtaí eile i scríbhinn***

Faoi réir fhorálacha an Fhógra seo, iarrtar ar gach páirtí leasmhar, leis seo, a chuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach, agus fianaise thacaíochta a sholáthar. Mura sonraítear a mhálairt, ní mór an fhaisnéis agus an fhianaise thacaíochta sin a bheith faighte ag an gCoimisiún laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo.

5.8. ***An deis éisteacht a fháil le seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin***

Féadfaidh gach páirtí leasmhar éisteacht le seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin a iarraidh. Aon iarraidh ar éisteacht, ní mór í a dhéanamh i scríbhinn agus ní mór cúiseanna na hiarrata a shonrú inti mar aon le hachóimre ar an méid ar mian leis an bpáirtí leasmhar a phlé le linn na héisteachta. Beidh an éisteacht teoranta do na saincheisteanna a leagann na páirtithe leasmhara amach i scríbhinn roimh ré.

I bprionsabal, ní úsáidfeadh éisteachtaí chun faisnéis fhíorasach nach bhfuil sa chomhad fós a chur i láthair. Mar sin féin, ar mhaithe le dea-riarachán agus chun go mbeidh seirbhísí an Choimisiúin in ann dul ar aghaidh leis an imscrúdú, féadfar páirtithe leasmhara a threorú faisnéis fhíorasach nua a sholáthar tar éis na héisteachta.

5.9. ***Treoracha le haghaidh aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh, agus le haghaidh ceistneoirí comhlánaithe agus comhfhreagra a sheoladh***

Maidir le faisnéis a chuirfeadh faoi bhráid an Choimisiúin chun críche imscrúduithe cosanta trádála, beidh an fhaisnéis sin saor ó chóipchirt. Ní mór do pháirtithe leasmhara, sula gcuirfidh siad faisnéis agus/nó sonraí atá faoi réir cóipchearta tríú páirtí faoi bhráid an Choimisiúin, cead a iarraidh go sonrath ar shealbhoir an chóipchirt lena gceadaítear don Choimisiún a) an fhaisnéis agus na sonraí a úsáid chun críoch an nós imeachta cosanta trádála seo agus b) an fhaisnéis agus/nó na sonraí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara san imscrúdú sin i bhfoirm a fhágfaidh go mbeidh siad in ann a gcearta cosanta a fheidhmiú.

⁽¹²⁾ I gcás fadhbanna teicniúla, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Deasc Seirbhíse Trádála ach ríomhphost a sheoladh chuig trade-service-desk@ec.europa.eu nó ar an nguthán +32 22979797.

Gach aighneacht uile i scríbhinn, lena n-áirítear an fhaisnéis a iarrtar san Fhógra seo, ceistneoirí comhlánaithe agus comhfhreagrú arna gcur ar fáil ag páirtithe leasmhara a n-iarrtar gur i modh rúin a chaithfí leo, cuirfear an lipéad “Íogair” orthu ⁽¹³⁾. Páirtithe a chuireann faisnéis isteach le linn an imscrúdaithe sin, iarrtar orthu cúis a thabhairt lena n-iarraidh go gcaithfí i modh rúin leo.

Ní mór do pháirtithe a sholáthraíonn faisnéis “Íogair” achoimrí neamhrúnda uirthi a chur ar fáil de bhun Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán, achoimrí ar a gcuirfear an lipéad “Le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara”. Ní mór do na hachoimrí sin a bheith mionsonraithe a ndóthain le go bhféadfar bunús na faisnéise a cuireadh isteach faoi rún a thuiscint go réasúnta. Mura féidir leis an bpáirtí a sholáthraíonn faisnéis faoi rún cúis mhaith a thabhairt lena iarraidh gur i modh rúin a chaithfí léi nó mura dtugann sé achoimre neamhrúnda uirthi san fhormáid agus sa cháilíocht a iarradh, féadfaidh an Coimisiún neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin mura féidir a thaispeáint go sásúil ó fhoinsí iomchuí go bhfuil an fhaisnéis ceart.

Iarrtar ar pháirtithe leasmhara gach aighneacht agus iarraidh a dhéanamh trí TRON.tdi (<https://webgate.ec.europa.eu/tron/TDI>) lena n-áirítear iarrataí ar chlárú mar pháirtithe leasmhara, cóipeanna scanta de chumhachtaí aturnaí agus de dheimhniúcháin. Trí úsáid a bhaint as TRON.tdi nó ríomhphost, cuireann páirtithe leasmhara in iúl go n-aontaíonn siad leis na rialacha is infheidhme maidir le haighneachtaí leictreonacha atá sa doiciméad “COMHFFHREAGRAS LEIS AN gCOIMISIÚN EORPACH I gCÁSANNA COSANTA TRÁDÁLA”, doiciméad a foilsíodh ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: <https://europa.eu/!7tHpY3>. Ní mór do na páirtithe leasmhara a n-ainm, a seoladh, a n-uimhir theileafóin agus a seoladh ríomhphoist bailí a thabhairt, agus ba cheart dóibh a áirithiú gur ríomhphost oifigiúil feidhmiúil gnó é an seoladh ríomhphoist a chuirtear ar fáil, seoladh a sheiceáiltear ar bhonn laethúil. Tráth a chuirfear sonraí teagmhála ar fáil, ní dhéanfaidh an Coimisiún cumarsáid le páirtithe leasmhara ach amháin trí TRON.tdi nó trí ríomhphost, mura n-iarraíodh siad go sainráite na doiciméid uile ón gCoimisiún trí mheán eile cumarsáide, nó mura gá post cláraithe a úsáid mar gheall ar chineál an doiciméid atá le seoladh. Le haghaidh tuilleadh rialacha agus faisnéise maidir le comhfhreagrú leis an gCoimisiún, lena n-áirítear prionsabail a bhaineann le haighneachtaí trí TRON.tdi nó trí ríomhphost, ba cheart do pháirtithe leasmhara féachaint ar na treoracha maidir le cumarsáid le páirtithe leasmhara dá dtagraítear thuas.

Seoladh an Choimisiúin le haghaidh comhfhreagrais:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na Trádála
Stiúrthóireacht G
Oifig: CHAR 04/039
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

TRON.tdi: <https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/tdi>

Seoladh Ríomhphoist: TRADE-R793-SRC-DUMPING@ec.europa.eu

TRADE-R793-SRC-INJURY@ec.europa.eu

6. **Sceideal an imscrúdaithe**

De ghnáth, cuirfear an t-imscrúdú i gcrích laistigh de 12 mhí agus in aon chás tráth nach déanaí ná 15 mhí ó dháta foilsithe an Fhógra seo, de bhun Airteagal 11(5) den bhun-Rialachán.

7. **Faisnéis a chur isteach**

Go hiondúil, ní fhéadfaidh na páirtithe leasmhara faisnéis a chur isteach ach amháin laistigh de na creata ama a shonraítear i roinn 5 den Fhógra seo.

Chun an t-imscrúdú a thabhairt chun críche laistigh de na sprioc-amanna éigeantacha, ní ghlacfaidh an Coimisiún le haighneachtaí ó pháirtithe leasmhara tar éis an sprioc-ama chun barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh nó, i gcás inarb infheidhme, tar éis an sprioc-ama chun barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh breise.

⁽¹³⁾ Is doiciméad “Íogair” doiciméad a mheastar a bheith rúnda de bhun Airteagal 19 den bhun-Rialachán agus Airteagal 6 de Chomhaontú EDT maidir le cur chun feidhme Airteagal VI de GATT 1994 (An Comhaontú Frithdhumpála). Is doiciméad é freisin a chosnaítear de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

8. An deis barúlacha a thabhairt maidir le haighneachtaí páirtithe eile

Chun cearta na cosanta a ráthú, ba cheart an deis a bheith ag páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le faisnéis a chuir páirtithe leasmhara eile isteach. Agus é sin á dhéanamh acu, ní fhéadfaidh páirtithe leasmhara aghaidh a thabhairt ach ar na saincheisteanna a ardaítear in aighneachtaí na bpáirtithe leasmhara eile agus ní fhéadfaidh siad saincheisteanna nua a tharraingt anuas.

Barúlacha maidir leis an bhfaisnéis a chur páirtithe leasmhara eile ar fáil mar fhreagairt ar nochtadh na dtorthaí cinntitheacha, ba cheart iad a chur isteach laistigh de 5 lá ón sprioc-am chun barúlacha a thabhairt maidir leis na torthaí cinntitheacha, mura sonraítear a mhalairt. Más ann do nochtadh deiridh breise, na barúlacha ar fhaisnéis a chuir páirtithe leasmhara isteach mar fhreagairt ar an nochtadh breise sin, ba cheart iad sin a chur isteach laistigh de 1 lá ón sprioc-am chun barúil a thabhairt ar an nochtadh breise sin, mura shonraítear a mhalairt.

Tá an tráthchlár a leagtar amach gan dochar do cheart an Choimisiúin faisnéis bhreise a iarraidh ar pháirtithe leasmhara i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.

9. Síneadh ama leis na teorainneacha ama a shonraítear san Fhógra seo

Níor cheart aon síneadh maidir leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear san Fhógra seo a iarraidh ach amháin in imthosca eisceachtúla, agus ní dhéanfar é a dheonú ach amháin má tá údar cuí leis. In aon chás, beidh teorainn 3 lá de ghnáth le síneadh a chur leis an sprioc-am chun freagra a thabhairt ar cheistneoirí, agus de ghnáth ní rachaidh sé thar 7 lá. Maidir le teorainneacha ama le haghaidh faisnéis eile seachas an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra tionscnaimh a chur isteach, ní rachaidh aon síneadh ama thar 3 lá, mura léirítear gur ann d'imthosca eisceachtúla.

10. Neamh-chomhoibriú

I gcásanna ina ndiúltaíonn aon pháirtí leasmhar rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis is gá nó mura gcuireann sé an fhaisnéis sin ar fáil laistigh de na teorainneacha ama, nó má chuireann sé bac suntasach ar an imscrúdú, féadfar torthaí deimhneacha nó diúltacha a thabhairt ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

I gcás inar léir gur sholáthair pháirtí leasmhar faisnéis bhréagach nó mhíthreorach, féadfar neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin agus féadfar úsáid a bhaint as na fíoras atá ar fáil.

Mura gcomhoibríonn pháirtí leasmhar nó mura gcomhoibríonn sé ach i bpáirt agus, dá bhrí sin, más ar na fíoras atá ar fáil atá na torthaí bunaithe i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an toradh chomh fabhrach céanna don pháirtí sin agus a bheadh dá gcomhoibreodh sé.

Mura dtugtar freagra leictreonach, ní mheasfar gur neamh-chomhoibriú é sin, ar choinníoll go léireoidh an pháirtí leasmhar go mbeadh ualach breise nó costas breise mí-réasúnach air mar thoradh ar an bhfreagra a thabhairt ar an mbealach ar iarradh é. Ba cheart don pháirtí leasmhar teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún láithreach.

11. Oifigeach Éisteachta

Féadfaidh páirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh. Déanann an tOifigeach Éisteachta athbhreithniú ar iarrataí ar rochtain ar an gcomhad, ar dhíospóidí maidir le rúndacht doiciméad, ar iarrataí ar shíneadh teorainneacha ama agus ar aon iarraidh eile a bhaineann le cearta cosanta páirtithe leasmhara agus tríú páirtithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an imeachta.

Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta éisteachtaí a eagrú agus idirghabháil a dhéanamh idir an pháirtí nó na páirtithe leasmhara agus seirbhísí an Choimisiúin chun a áirithiú go bhfuil cearta cosanta na bpáirtithe leasmhara á bhfeidhmiú ina n-iomláine. Is i scríbhinn ba cheart iarraidh ar éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta a dhéanamh agus ba cheart na cúiseanna atá leis an iarraidh a shonrú inti. Déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar na cúiseanna atá leis na hiarrataí. Níor cheart na héisteachtaí sin a reáchtáil ach amháin murar réitíodh na saincheisteanna le seirbhísí an Choimisiúin in am trátha.

Ní mór aon iarraidh a chur isteach in am trátha agus go gasta ionas nach gcuirfear stiúradh ordúil na n-imeachtaí i mbaol. Chuige sin, ba cheart do pháirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta a iarraidh a luaithe is féidir tar éis an teagmhais arb é is údar le hidirghabháil den sórt sin a bheith ann. I gcás ina dtíolactar iarrataí éisteachta lasmuigh de na tréimhsí ama ábhartha, déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú freisin ar na cúiseanna le hiarrataí déanacha den sórt sin, ar chineál na saincheisteanna a tarraingíodh anuas agus ar thionchar na saincheisteanna sin ar chearta na cosanta, ag féachaint go cuí do leasanna an dea-riaracháin agus do chríochnú tráthúil an imscrúdaithe.

Chun tuilleadh faisnéise agus sonraí teagmhála a fháil, féadfaidh páirtithe leasmhara féachaint ar leathanaigh ghréasáin an Oifigigh Éisteachta ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: https://policy.trade.ec.europa.eu/contacts/hearing-officer_en

12. **An deis athbhreithniú a iarraidh faoi Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán**

Ó tharla go dtionscnaítear an t-athbhreithniú éaga seo i gcomhréir le forálacha Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán, ní leasófar na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair i ngeall ar thorthaí an athbhreithnithe, ach déanfar na bearta sin a aisghairm nó a choinneáil ar bun i gcomhréir le hAirteagal 11(6) den bhun-Rialachán.

Má mheasann aon pháirtí leasmhar go bhfuil údar le hathbhreithniú ar na bearta ar dhóigh a d'fhágfadh go bhféadfaí na bearta a leasú, féadfaidh an páirtí sin athbhreithniú a iarraidh de bhun Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán.

Aon pháirtí ar mian leis athbhreithniú den sórt sin a iarraidh, ar athbhreithniú é a dhéanfaí go neamhspleách ar an athbhreithniú éaga a luaitear san Fhógra seo, féadfaidh sé dul i dteagmháil leis an gCoimisiún ag an seoladh a shonraítear thuas.

13. **Sonraí pearsanta a phróiseáil**

Is i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chaithfear le haon sonraí pearsanta a bhaileofar san imscrúdú seo ⁽¹⁴⁾.

Tá fógra cosanta sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, fógra a chuireann gach duine aonair ar an eolas faoi phróiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú gníomhaíochtaí cosanta trádála an Choimisiúin: <https://europa.eu/vr4g9W>

⁽¹⁴⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

IARSCRÍBHINN

- | | |
|------------------------------|---|
| <input type="checkbox"/> | Leagan “Íogair” |
| <input type="checkbox"/> | Leagan “Lena iniúchadh ag na páirtithe leasmhara” |
| (cuir tic sa bhosca iomchuí) | |

ATHBHREITHNIÚ ÉAGA AR NA BEARTA FRITHDHUMPÁLA IS INFHEIDHME I DTACA LE HALLMHAIRÍ TÉAD AGUS CÁBLAÍ CRUACH DE THIONSCNAMH DHAON-PHOBLACHT NA SÍNE

FAISNÉIS MAIDIR LE ROGHNÚ SAMPLA NA N-ALLMHAIREOIRÍ NEAMHGHAOLMHARA

Tá an fhoirm seo ceaptha chun cabhrú le hallmhaireoirí neamhghaolmhara freagairt don iarraidh ar fhaisnéis samplála a dhéantar i bpointe 5.3.3 den fhógra tionscnaimh.

Ba cheart an leagan “Íogair” agus an leagan “Lena iniúchadh ag na páirtithe leasmhara” a thabhairt ar ais don Choimisiún de réir mar a leagtar amach san fhógra tionscnaimh.

1. CÉANNACHT AGUS SONRAÍ TEAGMHÁLA

Tabhair na sonraí seo a leanas faoi do chuideachta:

Ainm na cuideachta	
Seoladh	
Teagmhálaí	
Seoladh ríomhphoist	
Uimhir theileafóin	

2. LÁIMHDEACHAS AGUS MÉID NA NDÍOLACHÁN

Sonraigh láimhdeachas iomlán na cuideachta in euro (EUR), agus luach in euro (EUR) agus an méid i dtónaí allmhairí agus athdhíolacháin an táirge faoi athbhreithniú, mar a shainítear san fhógra tionscnaimh, arna n-allmhairiú ó Dhaon-Phoblacht na Síne, ar mhargadh an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

	Méid i dtónaí	Luach in euro (EUR)
Láimhdeachas iomlán do chuideachta in euro (EUR)		
Allmhairí an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne		
Allmhairí an táirge faoi athbhreithniú (de gach tionscnamh)		
Athdhíolacháin an táirge faoi athbhreithniú ar mhargadh an Aontais arna n-allmhairiú ó Dhaon-Phoblacht na Síne		

3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ DO CHUIDEACHTA AGUS CUIDEACHTAÍ GAOLMHARA ⁽¹⁾

Tabhair sonraí maidir le gníomhaíochtaí beachta na cuideachta agus gach cuideachta ghaolmhar (liostaigh iad agus sonraigh an gaol idir iad agus do chuideachta) atá bainteach le táirgeadh agus/nó díol (onnmhairiúchán agus/nó intíre) an táirge faoi athbhreithniú. D'fhéadfaí a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin ceannach an táirge faoi athbhreithniú, é a tháirgeadh faoi shocrúithe fochonarthacha, nó é a phróiseáil nó a thrádáil, ach gan a bheith teoranta do na gníomhaíochtaí sin.

Ainm na cuideachta agus suíomh na cuideachta	Gníomhaíochtaí	Gaol

4. FAISNÉIS EILE

Tabhair aon fhaisnéis ábhartha eile a mheasann an chuideachta a bheith úsáideach chun cuidiú leis an gCoimisiún an sampla a roghnú.

5. DEIMHNIÚ

Tríd an bhfaisnéis thuasluaite a chur ar fáil, comhaontaíonn an chuideachta go bhféadfaí í a áireamh sa sampla. Má roghnaítear an chuideachta le bheith mar chuid den sampla, is é a bheidh i gceist leis sin ceistneoir a chomhlánú agus glacadh leis go dtabharfar cuairt ar a háitreach chun a freagra a fhíorú. Má thugann an chuideachta le fios nach mbeadh sí sásta a bheith sa sampla, measfar nár chomhoibrigh sí leis an imscrúdú. Is ar na fíorais atá ar fáil a bhunaíonn an Coimisiún torthaí a imscrúdaithe i gcás táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha, agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh an toradh chomh fabhrach céanna don chuideachta sin agus a bheadh sé dá gcomhoibredh sí.

Síniú an oifigigh údaraithe:

Ainm agus teideal an oifigigh údaraithe:

Dáta:

⁽¹⁾ I gcomhréir le hAirteagal 127 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, measfar beirt a bheith gaolmhar sna cásanna seo a leanas: (a) más oifigeach nó stiúrthóir duine acu i ngnólacht an duine eile; (b) más comhpháirtithe gnó iad a bhfuil aitheantas dlíthiúil acu; (c) más fostóir agus fostaí iad; (d) más le tríú páirtí 5 % nó níos mó de na stoic nó de na scaireanna le cearta vótála de chuid na beirte acu, nó má rialaíonn nó má choinníonn tríú páirtí iad, go díreach nó go hindíreach; (e) má stiúránn duine acu an duine eile go díreach nó go hindíreach; (f) má tá an bheirt acu faoi stiúradh díreach nó indíreach ag tríú páirtí; (g) má rialaíonn siad tríú duine go díreach nó go hindíreach le chéile; nó (h) más daoine ón teaghlach céanna iad (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558). Ní mheasfar gur daoine den teaghlach céanna iad ach amháin má tá siad in aon ghaol acu seo a leanas le chéile: (i) fear céile agus bean chéile, (ii) tuismitheoir agus duine clainne, (iii) deartháir agus deirfiúr (más ionann athair agus máthair dóibh nó más ionann tuismitheoir amháin dóibh), (iv) seantuismitheoir agus garleanbh, (v) uncail nó aintín agus nia nó neach, (vi) tuismitheoir céile agus cliamhain nó banchliamhain, (vii) deartháir céile agus deirfiúr chéile. I gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, ciallaíonn “duine” duine nádúrtha, duine dlítheanach agus aon chumann de dhaoine nach bhfuil ina dhuine dlítheanach ach a n-aithnítear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta go bhfuil an inniúlacht aige gníomhartha dlíthiúla a dhéanamh (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-ábhair

(2023/C 130/08)

Bronnann an foilseachán seo an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

DOICIMÉAD AONAIR

“VACA DE EXTREMADURA”

Uimh. AE: PGI-ES-02619 - 14.7.2020

STFC () TGFC (X)

1. **Ainm [TGFC]**

“Vaca de Extremadura”

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. **Cineál táirge**

Aicme 1.1. Feoil úr (agus scairteach)

3.2. **Tuairisc ar an táirge a bhfuil an t-ainm in (1) ag tagairt dó**

Foail agus scairteach úr ó bha “Vaca de Extremadura”, a dhíoltar mar chonablaigh, leathchonablaigh, ceathrúna, píosaí, filléid agus gearrthacha.

Faightear an fheoil ó na príomhphórtha callaigh atá in Extremadura. Cuimsíonn siad seo na pórtha dúchasacha Avileña-Negra Ibérica, Retinta, Morucha, Blanca Cacereña, Berrenda en Negro agus Berrenda en Colorado, bíodh siad íonphóraithe nó crosáilte lena chéile, chomh maith leis na pórtha a áirítear i gCatalóg Oifigiúil na bPórtha Beostoic sa Spáinn faoin gcatagóir “socraithe”, is é sin, Charolais, Limousin agus Blonde d’Aquitaine, agus crosálaigh leis na pórtha sin.

Maidir le haois agus an modh táirgthe roimh mharú, ní úsáidtear ach cineál amháin ainmhí:

“Vaca” [bó]: ainmhí baineann atá, tráth an mharaithe, 48 mí d’aois ar a laghad agus a bhfuil aois atáirgthe bainte amach aige.

(¹) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

Tagann príomh-shaintréithe an táirge le chéile, maidir lena cháilíochtaí orgánaileipteacha, a chruth, a chumhdach saille agus pH, chun an chatagóir tráchtála seo a leanas a thabhairt:

“Vaca de Extremadura”: tá dath dearg na silíní go deargchorcra ar an bhfeoil agus tá an tsail bán go bánbhuí. Tá sé teann faoi do mhéar agus beagán tais, tá uigeacht mhín aige faoi d’fhiacal agus tá leibhéal níos mó saille ionmhatánaí ann (stríoca míne agus marmarú). Tá dea-bholadh saille ainmhithe as, tá sé súmhar sa bhéal agus tá blas domhain marthanach mairteola air.

— Cruth an chonablaigh: aicmí E, U, R agus O.

— Méid bhrat na saille: céimeanna 4, 3 agus 2.

— pH: comhlíonadh na reachtaíochta reatha is infheidhme maidir le feolta ardchaighdeán.

Caithfear an fheoil a dhíol agus í fuaraithe, agus ní ceadmhach í a reo tráth ar bith le linn an phróisis táirgthe nó margaióchta.

3.3. **Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)**

Le linn a saolré táirgthe, beathaítear na ba ar bhonn córas fairsing feirmeoireachta lena mbaineann tomhailt farae féaraigh ina bhfuil 30 % ar a laghad den bheatha (féar, gránaigh agus pischineálaigh) agus úsáid acmhainní feirme eile amháin an *dehesa* (féarach faoi choill) agus tírdhreacha de chineál an *dehesa*. Más gá, féadfar é sin a fhorlíonadh le beathaí cumaisc agus farae leasaithe (tuí, féar tirim agus, i gcásanna eisceachtúla, stórais ghráin).

Ós rud é go n-imríonn riocht na feola ar na hainmhithe agus méid bhrat na saille ar na conablaigh tionchar dearfach ar cháilíocht na feola faoi chosaint “Vaca de Extremadura”, moltar tréimhse críochnaithe sula marófar í chun an próiseas ramhraithe a chríochnú a chinntear de réir am den bhliain.

Caithfidh 60 % ar a laghad den fharae a úsáidtear teacht ó limistéar geografach an TGFC.

Toirmiscear go sainráite táirgí a dhéantar as díorthaigh ainmhithe a úsáid. Ní mór na fothaí cumaisc a úsáidtear a bheith san áireamh i liosta na bhfothaí atá údaraithe ag an mBord Rialála i gcomhréir leis na sonraíochtaí maidir le beatha.

3.4. **Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a ghlacadh sa limistéar geografach sainithe**

Ní mór breith, tógáil, ramhrú agus marú bha “Vaca de Extremadura” a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe chun cineál sonrach an táirge a chaomhnú agus chun dálaí táirgthe agus inrianaitheacht a rialú.

3.5. **Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe**

-

3.6. **Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe**

Caithfidh an lipéad aitheantais arna eisiúint ag an mBord Rialála a bheith ar na gearrthacha a chuirtear ar an margadh.

Chomh maith leis na lipéid a chuirtear ar an táirge, tá deimhniú ag gabháil le gach cliathán, ceathrú cuid agus/nó bunghearradh lena dtugtar faisnéis faoin bhfeirm thionscnaimh, sainaitheantais agus tíopeolaíocht an ainmhí, a aois agus dáta a mharaithe, an seamlas agus an t-aicmiú.

Chomh maith leis na tásca éigeantacha, ní mór an méid seo a leanas a bheith ar na lipéid: sainaitheint agus lógó an TGFC “VACA DE EXTREMADURA” agus sonraí inrianaitheachta.

Lógó an TGFC “VACA DE EXTREMADURA”



4. Sainiú gonta ar an limistéar geografach

Is é an limistéar geografach lena mbaineann an Tasc Geografach faoi Chosaint “Vaca de Extremadura” iomlán Chomhphobal Féinrialaitheach Extremadura.

5. Nasc leis an limistéar geografach

Tá an TGFC “Vaca de Extremadura” bunaithe ar shaintréithe sonracha na feola agus ar a thionscnamh geografach.

5.1. Saintréithe an limistéir gheografaigh

Tá Extremadura suite in iardheisceart na Spáinne, ar Leithinis na hIbéire, agus tá achar 41 635 km² ann, agus *dehesas* nó tírdhreacha de chineál an *dehesa* is ea thart ar 14 300 km² de.

Cuimsíonn fána na speiceas ainmhithe clóis a fhaightear in Extremadura póir dhúchasacha den chuid is mó, atá nasctha agus a bhfuil dlúthnasc acu le timpeallacht is tipiciúla an réigiúin (an “*dehesa*”). Mar gheall ar a dtéagarthacht agus a n-ardacmhainn oiriúnú do thimpeallachtaí deacra, cuireann na speicis seo go léir leis an éiceachóras a chothabháil agus a fheabhsú, an ithir a léasú, cáilíocht na bhféarach a fheabhsú agus dul chun cinn scrobarnaí a mhoilliú.

Scaipeann an bháisteach go han-mhíchothrom i rith na bliana. Is sa bhfómhar agus san earrach a thiteann an chuid is mó di agus athraíonn a méid go mór ó bhliain go chéile.

Tréimhse thirim a chuireann tús le triomú luath an fhéaraigh, sin í príomhthréith aeráid an *dehesa*.

Ciallaíonn na dálaí foircneacha teochta agus báistí gur oiriúnaigh na póir a áirítear sa TGFC “Vaca de Extremadura” sa tslí is fearr is féidir ós rud é go bhfuil siad in ann an fhuacht agus an teas araon a sheasamh, chomh maith leis an ganntanas uisce i dtréimhsí triomaigh.

Dehesas nó tírdhreacha de chineál an *dehesa*, sin iad an t-éiceachóras tosaíochta d'fheirmeacha eallaigh leis an TGFC “Vaca de Extremadura”.

Tá an *dehesa* ar cheann de na córais a shainíonn an TGFC “Vaca de Extremadura” i bhfeirmeoireacht beostoic fhairsing in Extremadura, agus is saintréith dá chuid é innilt ar réimsí móra talún. Tá feirmeoireacht bheostoic sna ceantair seo oiriúnaithe go foirfe don timpeallacht mar gheall ar chruas na bpórtha atá á dtógáil. Chuir an aeráid chrua agus ithreacha neamhthorthúla ar dhroch-chaighdeán teorainn le bunú na talmhaíochta, agus is í feirmeoireacht beostoic is mó a thugtar faoi.

Bíonn tionchar dearfach ag an éiceachóras seo ar fad ar shaintréithe an táirge.

5.2. Sainiúlacht an táirge

Is díol suntais í an fheoil ó bha “Vaca de Extremadura” mar gheall ar a dath dearg na silíní go corcra-dhearg, agus a stríocadh mín marmarach, mar aon le saill ar dhath bán go scothbhuí atá ag a bhfuil uigeacht theann faoi d'fhiacail agus faoi do lámh. Is suntasach freisin an dea-bholadh breá saill ainmhí atá as, a súmhaireacht sa bhéal agus a blas domhain marthanach feola ar saintréith de mhairteoil é.

Tá dath “Vaca de Extremadura” air de bharr go bhfuil tiúchan níos airde de mhióglóibín inti. Tá roinnt cúiseanna leis seo lena n-áirítear an córas feirmeoireachta, córas a mbaineann leibhéil níos airde gníomhaíochta coirp leis agus bia á chuardach. Bíonn tionchar ag na cúiseanna seo i dteannta a chéile ar ghnéithe inmhianaithe agus idirdhealaitheacha na feola, amhail dath bánbhuí go scothbhuí a shaille mar gheall ar bhailiú caraitéiní agus líocha eile, agus uigeacht atá daingean ach a bhfuil súmhaireacht shuntasach aici mar thoradh ar na leibhéil níos airde saille ionmhatánaí. Tá an cion saille dáilte go cothrom, i bhfoirm saille marmaraithe nó ionmhatánaí, rud a thugann saintréithe sainiúla d’fheoil “Vaca de Extremadura” ar leibhéal cothaitheach agus céadfach araon.

5.3. **An nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht shonrach, an clú atá ar an táirge nó saintréithe eile a bhaineann leis**

Díorthaítear cáilíocht an táirge a chumhdaítear leis an TGFC “Vaca de Extremadura” ón gcóras fairsing feirmeoireachta ar na *dehas* agus ar thírdhreacha de chineál an *dehesa*. Dá bharr sin is féidir leibhéal ard leas ainmhithe a chur i bhfeidhm toisc go bhfuil an leibhéal struis a bhaineann le táirgeadh i bhfad níos ísle agus is níos leis na feirmeoirí cloí le tréimhsí diúil, rud a thugann saintréithe ar leith don táirge agus a bhfuil meas mór ag an tomhaltóir deiridh air go náisiúnta agus ar fud na hEorpa araon.

Tá éagsúlacht leathan de phórtha eallaigh a thógtar go forleathan sa limistéar geografach mar gheall ar a thír-raon éagsúil agus an tionchar a bhíonn ag an tréadaíocht imirceach ó réigiúin chomharsanacha. Tá na póirthe sin oiriúnaithe go hiomlán do na dálaí foircneacha aeráide, agus rinne siad éabhlóid agus oiriúnú chun a bhfeidhmíocht feola a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin tá sé inchurtha le feoil de bhunús ar bith eile. Bhí sé sin ina thaca le pobail tuaithe agus lena bhfréamhú, agus thug sé luach eacnamaíoch do phobail bhochta feirmeoireachta agus sholáthair sochair eacnamaíocha agus shóisialta.

Ní mór do na córais táirgthe agus na cleachtais feirmeoireachta beostoic tacú le cosaint an chomhshaoil, le leas ainmhithe agus le dea-choinníollacha sláinte agus sláinteachais i gcomhréir leis an traidisiún fairsing feirmeoireachta in Extremadura agus leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Léiríonn na córais táirgthe ainmhithe do “Vaca de Extremadura” saintréithe ar leith i gcomparáid le limistéir póraithe beostoic eile sa Spáinn, agus níos mó ná sin fós i gcomparáid le Ballstáit eile de chuid an Aontais. Eascraíonn na difríochtaí seo den chuid is mó as córais fhorleathana beostoic a bheith thar a bheith tábhachtach in Extremadura, toisc go gclúdaíonn siad réimse fhairsing agus toisc gur féidir táirgeadh beostoic agus caomhnú an chomhshaoil a dhéanamh i dteannta a chéile.

Cuirtear na tosca seo in iúl go soiléir i go leor staidéar leis an Roinn Teicneolaíochta Bia de Dhámh Cáceres Tréidliachta. Ar an gcaoi céanna, bailíonn frithocsaídeoirí nádúrtha ó aiste bia na mbó (tócaifearóil agus caraitéiní) mar thoradh ar í a bheith níos sine tráth a maraithe in éineacht leis an gcóras feirmeoireachta, rud a thugann dath dearg níos cobhsaí don fheoil le linn an phróisis aosaithe agus stórála tar éis an mharaithe.

Maidir leis an gcion saille agus a leagan amach agus a chomhdhéanamh, tá saintréithe soiléire idirdhealaitheacha ag feoil “Vaca de Extremadura”. Spreagann an córas feirmeoireachta agus aois níos sine na n-ainmhithe tráth a maraithe cion saille níos airde le dáileadh aonfhoirmeach, i bhfoirm saille marmaraithe nó ionmhatánaí más féidir. Mar thoradh ar aiste bia na n-ainmhithe déantar idirdhealú idir athruithe ar chomhdhéanamh agus ar shaintréithe na saille mar gheall ar chorprú agus bailiú comhdhúl. Is iad na samplaí is suntasaí dá thionchar ar shaintréithe cothaitheacha agus céadfacha na feola ná na leibhéil níos airde aigéid shailleacha óimige-3, aigéid shailleacha chomhchuingeacha, caraitéanóidigh, tócaifearóil agus comhdhúile eile sa chodán neamh-inghallúnaithe den saill, amhail *neophytadiene* nó gáma-tócaifearóil, a d’fhéadfadh a bheith ina chomhartha den gcineál córais beatha agus feirmeoireachta a bhaineann go sonrach le ba “Vaca de Extremadura” a chhothaítear faoi dhálaí fairsinge feirmeoireachta. Bíonn tionchar ag na cúiseanna seo i dteannta a chéile ar ghnéithe inmhianaithe agus idirdhealaitheacha na feola, amhail dath bánbhuí go scothbhuí a shaille mar gheall ar bhailiú caraitéiní agus líocha eile, agus uigeacht atá daingean ach a bhfuil súmhaireacht shuntasach aici mar thoradh ar na leibhéil níos airde saille ionmhatánaí.

Go sonrach, athraíonn comhdhúile a bhfuil airíonna frithocsaídeacha acu i saill bó “Vaca de Extremadura” a bheathaítear faoi dhálaí fairsinge feirmeoireachta saintréithe aramatacha agus blas na feola. Dá bhrí sin, chomh maith le gníomhú mar réamhtheachtaithe comhdhúile a bhfuil tréithe aramatacha taitneamhacha agus idirdhealaitheacha acu, athraíonn na comhdhúile seo a thagann ó aiste bia na mbó na himoibrithe ocsaídiúcháin le linn aosaithe agus cócaireachta. Cuireann sé seo cosc ar bholaithe neamhghnácha a eascraíonn as próisis ocsaídiúcháin neamh - inmhianaithe lipídí agus a thugann tús áite, le linn cócaireachta, do dhea-bholadh agus do bhlais láidir atá ina shaintréith den “Vaca de Extremadura” a thógtar go forleathan.

San Extremadura, is ionann pobal eallach chúige Cáceres agus 13,9 % den bpobal náisiúnta, ach i gcúige Badajoz is ionann an figiúr sin agus 8,1 %.

D'fheictí foirne treafa go coitianta in Extremadura ag tús an 13ú haois. Ba ainmhithe tarraingthe den scoth iad eallaí, agus níor maraítí iad le haghaidh a gcuid feola ach amháin nuair nach mbídís in ann a bheith ag obair a thuilleadh. Dhéantaí ainmhithe a phóru le haghaidh feola amháin freisin, a maraítí nuair a bhíodh meáchan a gcorp ag an bpointe is airde.

San Extremadura, bhíodh formhór mór na bhfoirne treafa comhdhéanta de *bha*, rud a chiallaigh gur chuir siad buntáiste eacnamaíoch faoi thrí ar fáil: tarraingt, tógáil eallaigh agus, faoi dheireadh, a gcuid feola.

Faighimid tagairtí freisin sa ghastranómachas a nascann an mhairteoil le cócaireacht Extremadura i gcuid mhaith oideas, mar shampla *lengua estofada con gurumelos* [teanga stofa le muisiriúin *gurumelo*] (oideas tipiciúil ó Fregenal de la Sierra), *riñones de vaca extremeña con setas* [Duáin mairteola Extremadura agus muisiriúin], *callos de vaca extremeña en salsa blanca* [Ruipeog mairteola Extremadura in anlann bán], *sesos de vaca extremeña con tocino* [Inchinn mairteola Extremadura agus bagún], agus *cocido alentejano con carne de vaca extremeña* [Stobhach mairteola Alentejo agus mairteoil Extremadura] (oideas tipiciúil ó Cheles). (Recetario de cocina extremeña. Estudio de sus orígenes [Leabhar oideas cócaireachta Extremadura: staidéar ar a bunús], Cofradía Extremeña de Gastronomía, Universitas Editorial, 1985).

Tagraíonn Luján agus Perucho do chócaireacht Extremadura mar chócaireacht dháiríre, sollúnta agus gan só ... a bhuíochas dá béilí iontacha ag a bhfuil nasc le tréadaíocht caorach, saol na tuaithe agus fiach, mar shampla lorga mairteola agus smior mairteola Extremadura ... (El libro de la cocina española. Gastronomía e historia [Leabhar chócaireacht na Spáinne. Gastranamaíocht agus stair], Néstor Luján agus Juan Perucho, Danae, 1972).

Chuletas de vaca a la extremeña [Gríscíní mairteola stíl Extremadura] (Gran Enciclopedia de la Cocina [Ciclipéid Mhór na Cócaireachta], ABC, 1994, Ediciones Nobel S.A., Maidrid), nó *Entrecot al modo de Cáceres* [entrecôte stíl Cáceres] (Cocina Extremeña [Cócaireacht Extremadura]. Tecla Villalón agus Pedro Plasencia, 1999 Editorial Everest). *Lomo de vaca extremeña con sal de Añana* [Gríscín mairteola Extremadura agus salann Añana] (La cocina de Gibello [cistin Gibello], láithreán gréasáin)

Recetarios Manuscritos: cocina y alimentación en la baja Extremadura (1860-1960): estudios y recetas [Leabhair oideas lámhscríofa: bia agus cócaireacht san Extremadura Íochtarach (1860-1960): staidéir agus oidis] Andrés Oyola Fabian.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

<https://www.juntaex.es/documents/77055/621148/Solicitud+IGP+Vaca+de+Extremadura.+Pliego+condiciones.pdf/06c3c70b-c0b4-27f9-4df3-795006e415af?t=1666696153740>

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)